An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

# Comhairliúchán poiblí maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2023/2411 i dtaca le tásca geografacha a chosaint do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha

An tAonad um Maoin Intleachtúil
Aibreán 2024

# Clár ábhair

**A. Achoimre** **3**

1. Ábhar an Chomhairliúcháin Phoiblí 3
2. Cúlra 3
3. Córas nua cosanta tásc geografach do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha san AE 4
4. Achoimre ar an rialachán 4

**B. Faisnéis maidir leis an bPróiseas Comhairliúcháin** **7**

1. Aighneachtaí 7
2. Rúndacht Aighneachtaí 7
3. *An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 agus Foilseachán na nAighneachtaí* 7
4. *An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)* 8

**C. Ceisteanna** **9**

Ginearálta 9
Airteagal 8 Iarratasóir 9
Airteagal 19 agus Airteagal 20 nós imeachta clárúcháin TG 9
Airteagal 45 Cúraimí grúpaí táirgeoirí 10
Airteagal 51 Comhlíonadh a fhíorú bunaithe ar fhéindearbhú agus fíorú Airteagal 52 ar chomhlíonadh ag údarás inniúil nó ag tríú páirtí ainmnithe 10
Airteagal 54 Faireachán ar úsáid TGanna sa mhargadh 10
Airteagail eile i rialachán 11

## A. Achoimre

### 1. Ábhar an Chomhairliúcháin Phoiblí

Tá tuairimí na ngeallsealbhóirí á lorg ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i dtaca le cur i bhfeidhm an rialacháin maidir le tásca geografacha a chosaint do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha (AE) 2023/2411.

Iarrtar ar gheallsealbhóirí agus ar pháirtithe leasmhara ionchur i scríbhinn a chur isteach maidir le cur chun feidhme an chórais chun tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2023/2411 faoi **5pm 17 Bealtaine 2024.** Cabhróidh na freagraí ar an gcomhairliúchán le bonn eolais a chur faoin obair atá le déanamh ag an Roinn maidir leis an gcaoi ar chóir d'Éirinn an rialachán a chur i bhfeidhm.

### 2. Cúlra

Leagtar síos le Tásca Geografacha (TGanna) cearta maoine intleachtúla do tháirgí a bhfuil a gcáilíochtaí nasctha go sonrach le réimse an táirgthe. Sainaithníonn siad táirgí a thagann ó thír, ó réigiún nó ó cheantar ina bhfuil cáilíocht, clú nó saintréith ar leith den táirge inchurtha go príomha i leith a thionscnaimh gheografaigh. Cuidíonn na tásca sin, le tacaíocht ó lipéadú agus ó lógónna sonracha, le tomhaltóirí táirgí barántúla, bunaidh de cháilíocht ar leith a shainaithint.

Cuirfidh cosaint tásc geografach ar chumas táirgeoirí ainmneacha a gcuid táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a chosaint agus a chur chun cinn. Dreasóidh sí táirgeadh agus caomhnóidh sí táirgí traidisiúnta, ardchaighdeáin agus saineolas agus na poist a bhaineann leo, rud a neartóidh iomaíochas gnólachtaí agus monaróirí beaga agus meánmhéide. Beidh tionchar dearfach aige sin ar fhostaíocht as a dtiocfaidh cruthú agus coinneáil post luachmhar agus a thabharfaidh forbairt agus turasóireacht chuig réigiúin tuaithe agus réigiúin bheagfhorbartha. Cuideoidh sé freisin leis an troid i gcoinne táirgí góchumtha agus rachaidh sé chun tairbhe do thomhaltóirí trína dtuiscint ar fhíorthtáirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha ar ardchaighdeán, ar a dtionscnamh agus ar a modh táirgthe a fheabhsú.

Ar 13 Aibreán 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh rialachán maidir le cosaint tásc geografach do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha. Tar éis na caibidlíochta idir an Coimisiún Eorpach agus Ballstáit an Aontais maidir leis an togra, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle le rialachán athbhreithnithe go foirmiúil ar an 18 Deireadh Fómhair 2023 agus foilsíodh é in Iris Oifigiúil an AE ar an 27 Deireadh Fómhair 2023. Tháinig an rialachán i bhfeidhm ar an 16 Samhain 2023 agus tá dhá bhliain ag Ballstáit uile an AE chun an rialachán a chur chun feidhme ina reachtaíocht náisiúnta agus chun creat dlíthiúil a chur i bhfeidhm chun TGanna a chosaint do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha.

Is féidir téacs Rialachán (AE) 2023/2411 a fháil ar shuíomh gréasáin an Aontais Eorpaigh.

## 3. Córas nua cosanta tásc geografach do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha san AE

Leagtar síos leis an rialachán ceart nua maoine intleachtúla chun tásca geografacha a chosaint do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a chomhlánóidh an córas cosanta tásc geografach atá ann cheana do tháirgí talmhaíochta atá i bhfeidhm le blianta fada.

Is féidir teideal táisc gheografaigh a dheonú do tháirgeoirí táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a thagann ó áiteanna nó ó réigiúin shonracha, a bhfuil cáilíochtaí, clú nó saintréithe acu atá nasctha go príomha lena dtionscnamh geografach, i gcás ina dtarlaíonn ceann amháin ar a laghad de na céimeanna táirgthe sa limistéar geografach. Deonaítear TGanna ar feadh tréimhse neamhtheoranta.

Sainítear sa rialachán táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha mar tháirgí "*a tháirgtear go hiomlán de láimh nó le cabhair ó uirlisí láimhe nó digiteacha, nó trí mhodhanna meicniúla, i gcás inarb é an rannchuidiú de láimh comhpháirt thábhachtach den táirge críochnaithe; nó a tháirgtear ar bhealach caighdeánaithe, lena n-áirítear táirgeadh srathach agus trí mheaisíní a úsáid"* (Airteagal 4). Beidh feidhm ag an gcóras maidir le réimse mór táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha, amhail clocha nádúrtha, adhmadóireacht, seodra, teicstílí, lása, sceanra, gloine, poirceallán, agus seithí agus craicne.

Cuirfidh córas nua an Aontais ar chumas tháirgeoirí an Aontais cosaint idirnáisiúnta a lorg dá dtáirgí TG agus beidh iarratasóirí nach bhfuil san Aontas in ann cosaint a fháil dá dtáirgí san Aontas (ach critéir riachtanacha a chomhlíonadh). D'éascódh an córas freisin rochtain ar mhargaí tríú tír trí chomhaontuithe trádála leis an Aontas a bhainfeadh lánacmhainneacht TGanna amach do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha.

Is í Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) údarás an Aontais Eorpaigh atá freagrach as clárú tásc geografach le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a bhainistiú ar leibhéal an Aontais. Ina theannta sin, cuirfidh EUIPO ar bun clár de thásca geografacha de chuid an Aontais le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha agus bainisteoidh sé é.

Ón 1 Nollaig 2025, beifear in ann iarratas a dhéanamh ar chosaint an táisc gheografaigh d'ainmneacha táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha trí phróiseas iarratais aonair lena gcumhdaítear Ballstáit uile an Aontais.

## 4. Achoimre ar an rialachán

Tá 8 dteideal agus 73 airteagal sa rialachán. Seo a leanas achoimre leathan ar an méid dá bhforáiltear sna teidil agus na hailt éagsúla. Is treoir ghinearálta í an achoimre seo ar Rialachán (AE) 2023/2411 agus cuirtear ar fáil í chun críocha faisnéise amháin. Níl sé i gceist go nglacfadh sé áit théacs iarbhír na reachtaíochta, agus ba cheart do dhaoine aonair féachaint ar an doiciméad oifigiúil le haghaidh faisnéis atá cruinn agus ceangailteach ó thaobh dlí de.

## TEIDEAL 1: FORÁLACHA GINEARÁLTA – AIRTEAGAIL 1 GO 6

Sainítear cuspóirí agus raon feidhme an rialacháin le forálacha ginearálta. Tá liosta sainmhínithe ann freisin, foráiltear do rialacha lena rialaítear próiseáil sonraí pearsanta agus na riachtanais go gcáileoidh TG le haghaidh cosanta.

## TEIDEAL 2: TÁSCA GEOGRAFACHA A CHLÁRÚ – AIRTEAGAIL 7–39

Leagtar amach in Airteagal 7 go hAirteagal 11 na rialacha maidir leis na nósanna imeachta clárúcháin, cé ar féidir leo iarratas a dhéanamh ar TG, ceanglais na sonraíochta táirge TG, sonraí maidir le gnéithe an doiciméid aonair agus na doiciméid eile nach mór a bheith ag gabháil le hiarratas TG. Baineann Airteagal 12 go hAirteagal 18 leis na nósanna imeachta clárúcháin náisiúnta agus le hainmniú údaráis inniúil. Foráiltear le hAirteagal 19 agus le hAirteagal 20 go bhféadfaidh Ballstáit AE, in imthosca áirithe maolú a fháil ar an oibleagáid céim chlárúcháin náisiúnta a chur ar bun. Foráiltear le hAirteagal 21 go hAirteagal 33 go ndéanfaidh EUIPO na nósanna imeachta ar leibhéal an Aontais (an dara céim), amhail iarratais a chur isteach agus a scrúdú, an nós imeachta freasúra a bhainistiú, clárú a dheonú nó a dhiúltú agus cealú agus an próiseas achomhairc a bhainistiú. Baineann Airteagal 34 go hAirteagal 39 le heagrú agus le cúraimí EUIPO, le bunú Rannóige um Thásca Geografacha, le Bord Comhairleach agus le Bord Achomhairc agus lena róil agus freagrachtaí éagsúla agus le leagan síos cláir de chuid an Aontais le haghaidh tásc geografach le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha.

## TEIDEAL 3: TÁSCA GEOGRAFACHA A CHOSAINT – AIRTEAGAIL 40–48

Foráiltear le hAirteagal 40 go hAirteagal 44 do na rialacha a bhaineann le TGanna táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a chosaint; na rialacha maidir le TGanna nuair a úsáidtear iad mar pháirteanna nó mar chomhpháirteanna i dtáirgí monaraithe; na rialacha maidir le hiarratais TG a bhfuil ainm comhainmneach orthu; soiléiriú nach gclárófar téarmaí cineálacha mar thásca geografacha; soiléiriú ábhar a bhaineann leis an ngaol idir TGanna agus trádmharcanna. leagtar amach in Airteagal 45 go hAirteagal 48 cúraimí na ngrúpaí táirgeoirí; cosaint ceart TG in ainmneacha fearainn; cearta táirgeora TG chláraithe; úsáid shiombail, thásc agus ghiorrúchán TG an Aontais ar an lipéadú, ar an bhfógraíocht nó ar an ábhar cumarsáide a bhaineann le táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha TG.

## TEIDEAL 4: RIALUITHE AGUS FORFHEIDHMIÚ – AIRTEAGAIL 49–62

Leagtar amach in Airteagal 49 go hAirteagal 53 na rialacha maidir leis na rialuithe agus na bearta forfheidhmiúcháin do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha TG; féindearbhú táirgeora gur táirgeadh táirge arna ainmniú mar TG i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge chomhfhreagrach; nósanna imeachta malartacha chun comhlíonadh ag údarás inniúil, comhlachtaí deimhniúcháin táirgí nó daoine nádúrtha a fhíorú; na rialacha maidir le fíorú TGanna de thionscnamh tríú tír. Baineann Airteagal 54 go hAirteagal 59 le faireachán agus rialú a dhéanamh ar úsáid TGanna sa mhargadh; cúraimí rialaithe a tharmligean ón údarás inniúil chuig comhlachtaí deimhniúcháin táirgí nó chuig daoine nádúrtha; ceanglais agus oibleagáidí comhlachtaí deimhniúcháin táirgí nó daoine nádúrtha; na rialacha maidir le creidiúnú comhlachtaí deimhniúcháin táirgí. Déantar foráil in Airteagal 60 maidir le horduithe a eisiúint chun gníomhú i gcoinne inneachar neamhdhleathach ar líne a sháraíonn cosaint TGanna. Ceanglaítear le hAirteagal 61 ar Bhallstáit an Aontais pionóis éifeachtacha,

chomhréireacha agus athchomhairleacha a leagan síos arb é aidhm dóibh iompar calaoiseach a d'fhéadfadh a bheith ann agus sárú TGanna a dhíspreagadh. Déantar foráil in Airteagal 62 maidir le cúnamh frithpháirteach agus comhar idir údaráis inniúla Bhallstáit AE chun críche rialuithe agus forfheidhmiú TGanna a dhéanamh.

### TEIDEAL 5: LEASUITHE AR GHNÍOMHARTHA EILE – AIRTEAGAIL 63-64

Foráiltear le hAirteagal 63 go hAirteagal 64 do na leasuithe is gá ar Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh agus le Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaíocht an Aontais tar éis a aontachais le hAcht na Ginéive de Chomhaontú Liospóin maidir le Sonrúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha.

### TEIDEAL 6: TÁILLÍ - AIRTEAGAIL 65

Leagtar amach in Airteagal 65 go bhféadfaidh an t-údarás inniúil arna ainmniú don chéim chlárúcháin náisiúnta táillí a ghearradh as an nós imeachta clárúcháin. Féadfaidh EUIPO táillí a ghearradh ar na nósanna imeachta clárúcháin dhírigh, ar iarratais TGanna ó thríú tíortha agus ar achomhairc os comhair na mBord Achomhairc. Féadfaidh an Coimisiún méideanna na dtáillí a bheidh le gearradh ag EUIPO a chinneadh.

### TEIDEAL 7: FORÁLACHA FORLÍONTACHA - AIRTEAGAIL 66-69

Leagtar amach in Airteagal 66 go hAirteagal 69 go bhfuil na rialacha maidir le teangacha nóis imeachta atá le húsáid ag EUIPO, na córais TF atá le cur i bhfeidhm ag EUIPO, nósanna imeachta an Choiste agus cumhacht an Choimisiúin chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos faoin rialachán.

### TEIDEAL 8: FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA - AIRTEAGAIL 70-73

Leagtar amach in Airteagal 70 go hAirteagal 73 na forálacha idirthréimhseacha maidir le TGanna ceardaíochta agus tionsclaíocha atá ann cheana, na rialacha a bhaineann le hoibleagáidí tuairiscithe na mBallstát faoin rialachán agus oibleagáid ar an gCoimisiún tuarascáil a ullmhú maidir le cur chun feidhme an rialacháin 5 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an rialacháin.

## B. Faisnéis maidir leis an bPróiseas Comhairliúcháin

### 1. Aighneachtaí

Lorgaíonn an Roinn tuairimí geallsealbhóirí, páirtithe leasmhara agus go háirithe táirgeoirí táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a d'fhéadfadh cosaint TG a lorg dá dtáirgí.

Iarraimid ar fhreagróirí struchtúr a chur ar a gcuid freagraí de réir na 8 dteideal mar atá leagtha amach thuas. Bheimis buíoch freisin d'aon tuairim a d'fhéadfadh a bheith agat ar na ceisteanna sonracha a chuireann an Roinn i roinn C.

Iarrtar ar fhreagróirí a gcuid aighneachtaí a dhéanamh trí ríomhphost chuig an Aonad Maoine ag **trademarks@enterprise.gov.ie**. Ba chóir aighneachtaí a mharcáil, ***'Freagairt ar Chomhairliúchán Poiblí maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2023/2411 maidir le TGanna a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha'.***

**Is é 5pm an 17 Bealtaine 2024 an dáta deiridh a nglacfar le haighneachtaí.**

### 2. Rúndacht Aighneachtaí

Iarrtar ar rannpháirtithe a thabhairt dá n-aire gurb é polasaí na Roinne caitheamh le gach aighneacht a fhaightear mar aighneachtaí poiblí mura n-iarrtar rúndacht go sonrach. Iarrtar ar fhreagróirí, dá bhrí sin, ábhar a mheasann siad a bheith rúnda a shainaithint go soiléir agus an t-ábhar sin a chur in iarscríbhinn ar leith lena bhfreagra, agus é lipéadaithe "faoi rún". I gcásanna ina seoltar freagraí trí ríomhphost, agus ina bhfuil fógraí a ghintear go huathoibríoch sna ríomhphoist a léiríonn gur cheart a n-ábhar a mheas faoi rún, ní mór do rannchuiditheoirí a rá go sainráite laistigh de chorp a ríomhphost an bhfuil sé i gceist acu go gcaithfí lena gcuid tuairimí faoi rún.

### 3. *An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 agus Foilseachán na nAighneachtaí*

Féadfaidh an Roinn cinneadh a dhéanamh gach aighneacht a fhaightear faoin gcomhairliúchán seo a phoibliú ar a láithreán gréasáin. Tabhair do d'aire go bhféadfar faisnéis arna soláthar don Roinn a nochtadh mar fhreagra ar iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Dá bhrí sin, ba cheart duit aon fhaisnéis a mheasann tú a bheith íogair ó thaobh tráchtála de a shainaithint, agus an chúis lena híogaireacht a shonrú. Rachaidh an Roinn i dteagmháil leat maidir le faisnéis atá sainaitheanta agat a bheith íogair sula bhfoilsítear nó a nochtar í ar bhealach eile.

## 4. *An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)*

Ba chóir do fhreagróirí a thabhairt dá n-aire gur tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm in Éirinn an 25 Bealtaine 2018 agus gurb é níos mó smachta a thabhairt do dhaoine aonair ar a gcuid sonraí pearsanta ba chúis leis. Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faoi réir fhorálacha an rialacháin maidir le sonraí pearsanta a bhailíonn sí ón 25 Bealtaine 2018. Déileálfar le haon fhaisnéis phearsanta a thugann tú go deonach don Roinn seo leis na caighdeáin is airde slándála agus rúndachta, de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 - 2018.

## C. Ceisteanna

### Ginearálta

1. Ainm (agus sonraí teagmhála más mian leat)

2. An tú ceann ar bith acu seo:
   - táirgeoir táirgí ceardaíochta nó tionsclaíocha,
   - eagraíocht/grúpa táirgeoirí a dhéanann ionadaíocht ar tháirgeoirí táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha,
   - eile – déan cur síos.

3. Cén cineál/earnáil tionscail ina n-oibríonn tú?

### Airteagal 8 Iarratasóir

4. Más táirgeoir táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha thú, an bhfuil sé i gceist agat cosaint TG a lorg do do tháirge?

5. Foráiltear le hAirteagal 8 go bhféadfaidh grúpa táirgeoirí nó táirgeoir aonair (a chomhlíonann coinníollacha áirithe faoi Airteagal 8.2) iarratas ar chlárú TG a chur isteach. An bhfuil sé i gceist agat iarratas TG a chur isteach mar tháirgeoir aonair nó mar chuid de ghrúpa táirgeoirí?

### Airteagal 19 agus Airteagal 20 nós imeachta clárúcháin TG

Foráiltear le hAirteagal 19 agus le hAirteagal 20 den rialachán do nós imeachta clárúcháin dhá chéim, don chéad chéim le húdarás inniúil náisiúnta an Bhallstáit agus don dara céim le EUIPO. In imthosca áirithe, féadfaidh na Ballstáit diúltú don cheanglas údarás inniúil a ainmniú chun céim náisiúnta an chlárúcháin a chur i gcrích. I gcás nach bhfuil aon chéim chlárúcháin náisiúnta ann, ba chóir do tháirgeoirí a n-iarratais TG a chur isteach go díreach chuig EUIPO le haghaidh na nósanna imeachta clárúcháin dhírigh.

Tá sé i gceist leis an mbeart diúltaithe sin aghaidh a thabhairt ar chásanna ina bhfuil leibhéal íseal spéise i gcosaint TG i mBallstát agus, dá bhrí sin, nach mbeadh údar maith le hiallach a chur ar an mBallstát sin córas clárúcháin náisiúnta a bhunú le haghaidh líon íseal iarratas. Bheadh sé níos éifeachtúla agus níos costéifeachtaí foráil a dhéanamh maidir le cur chuige malartach trína n-úsáideann an táirgeoir an nós imeachta clárúcháin dhírigh le EUIPO.

6. An bhfuil aon tuairimí agat maidir leis an nós imeachta clárúcháin dhá chéim, an chéad chéim leis an údarás inniúil náisiúnta agus an dara céim le EUIPO ina dhiaidh sin nó an rogha eile, arb é an nós imeachta clárúcháin dhírigh le EUIPO é?

### Airteagal 45 Cúraimí grúpaí táirgeoirí

7. An bhfuil aon tuairim agat ar cheart cead a thabhairt do chomhlachtaí poiblí agus do gheallsealbhóirí eile amhail grúpaí tomhaltóirí, miondíoltóirí agus soláthraithe páirt a ghlacadh in obair an ghrúpa táirgeoirí?

### Airteagal 51 Comhlíonadh a fhíorú bunaithe ar fhéindearbhú agus fíorú Airteagal 52 ar chomhlíonadh ag údarás inniúil nó ag tríú páirtí ainmnithe

Foráiltear le hAirteagal 51 gur cheart do tháirgeoirí a bheith faoi réir córas atá bunaithe ar fhéindearbhú táirgeora lena bhfíoraítear comhlíonadh na sonraíochta táirge (mar atá leagtha amach in Airteagal 9) sula gcuirtear an táirge ar an margadh agus ina dhiaidh sin. Forlíontar an próiseas féindearbhúcháin le bearta rialaithe atá bunaithe ar anailís riosca agus ar fhógra ó tháirgeoirí a d'fhéadfadh spéis a bheith acu. Is é an t-údarás inniúil nó tríú páirtí ainmnithe a dhéanann na bearta rialaithe.

Déantar foráil in Airteagal 52 maidir le cur chuige malartach trína ndéanfaidh údarás inniúil nó tríú páirtí ainmnithe fíorú ar chomhlíonadh na sonraíochta táirge.

8. An bhfuil aon tuairimí agat maidir le tuillteanais faoi seach (a) an nóis imeachta féindearbhúcháin in Airteagal 51 trína ndéanann táirgeoirí TG féindearbhú go gcomhlíonann siad an tsonraíocht táirge agus ina ndéanann an t-údarás inniúil nó tríú páirtí ainmnithe rialuithe bunaithe ar anailís riosca agus ar fhógra ó tháirgeoirí a d'fhéadfadh spéis a bheith acu, nó (b) an nóis imeachta fíorúcháin in Airteagal 52 nach bhfuil aon cheanglas ar tháirgeoirí féindearbhú a dhéanamh ar chomhlíonadh na sonraíochta táirge, agus go ndéanann údarás inniúil nó tríú páirtí ainmnithe comhlíonadh a fhíorú?

### Airteagal 54 Faireachán ar úsáid TGanna sa mhargadh

Chun cosaint tásc geografach do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a neartú agus chun dul i ngleic le góchumadh agus le cleachtais chalaoiseacha agus mheabhlacha amhrasta, déantar foráil in Airteagal 54 maidir le faireachán a dhéanamh ar úsáid TGanna ar fud an mhargaidh inmheánaigh agus i margaí tríú tír ina bhfuil an TG faoi chosaint, lena n-áirítear ar líne. I gcás ina mbraitear mí-úsáid TG, ba cheart don údarás inniúil ábhartha bearta iomchuí riaracháin agus breithiúnacha a dhéanamh chun úsáid ainmneacha táirgí nó seirbhísí a sháraíonn TG faoi chosaint a chosc nó a stopadh.

9. An bhfuil aon imní ort faoi tháirgí góchumtha sna hearnálacha ceardaíochta agus tionsclaíocha? Tabhair aon fhianaise nó taithí a bhaineann go sonrach leis an earnáil a d'fhéadfadh a bheith agat.

10. An bhfuil aon tuairimí agat maidir leis na céimeanna nó na gníomhartha forfheidhmiúcháin a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun cabhrú le húsáid táirgí TG góchumtha sa mhargadh a chosc nó a stopadh?

## Airteagail eile sa rialachán

11. Fáiltíonn an Roinn roimh aon tuairimí eile a d'fhéadfadh a bheith agat maidir le haon cheann de na hailt eile sa rialachán.